STÁTSEIRBHÍSIGH A BHÍONN I MBUN SEIRBHÍSE LASMUIGH DEN STÁT

SVS 5

IARRATAS AR AINM A CHUR SAN FHORLÍONADH DO LIOSTA NA bPOSTVÓTÁLAITHE 2009/2010

LÉIGH NA NÓTAÍ THALL GO CÚRAMACH LE DO THOIL SULA gCOMHLÁNAÍONN TÚ AN FHOIRM

ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL

==========

CUID A

Is státseirbhíseach mé agus duine cáilithe lena mbaineann alt 12 den Acht Toghcháin 1992 agus murach ceanglais mo dhualgas mar státseirbhíseach, bheinn i mo chónaí ag–

Cuir isteach seoladh poist iomlán an áitribh sa Stát ina mbeifeá i do chónaí murach ceanglais do dhualgas.

_____

_____

_____

_____

* Scrios más infheidhme

Éilím go gcuirfí m'ainm agus ainm mo chéile atá ina chónaí/ ina cónaí liom */ar chlár na dtoghthóirí i ndáil leis an áitreabh seo. Deimhním go bhfuil na sonraí seo a leanas i ndáil liomsa/ agus i ndáil le mo chéile atá ina chónaí/ina cónaí liom*/ cruinn.

	Sloinne	Ainmneacha Eile	Dáta Breithe	**An bhfuil an duine 18 mbliana d'aois nó níos mó?	**Ar saoránach de chuid na hÉireann é an duine?
Sonraí an Státseirbhísigh					
Sonraí an chéile					

** Freagair "Tá" nó "Níl" i ngach cás mar is cuí.

CLÁR FAOI EAGARTHÓIREACHT: Mura mian leat **a bheith** ar an gClár faoi Eagarthóireacht, cuir tic (√) sa bhosca thíos le do thoil (féach nótaí ar chúl).

Bosca 'Rogha Eisiamh' ☐

Síniú an Státseirbhísigh _____

Uimhir Theileafóin Lae: _____

Dáta: _____

==========

CUID B

Deimhniú

(Le comhlánú ag Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha)

Deimhním gur duine cáilithe de réir bhrí in alt 12(1) den Acht Toghcháin 1992 é an duine a rinne an ráiteas thuas.

Síniú:_____

Dátstampa na Roinne: _____

SVS 5

NÓTAÍ

STÁTSEIRBHÍSIGH A BHÍONN I MBUN SEIRBHÍSE LASMUIGH DEN STÁT

IARRATAS AR AINM A CHUR SAN FHORLÍONADH DO LIOSTA NA BPOSTVÓTÁLAITHE 2009/2010

1. Is féidir le státseirbhísigh a bhíonn i mbun seirbhíse lasmuigh den Stát mar chomhaltaí de mhisin taidhleoireachta nó de phoist chonsalacha vótáil tríd an bpost. Faoi Alt 12 den Acht Toghcháin 1992, tá an gnáthriachtanas cónaithe i gcomhair clárúcháin mar thoghthóir modhnaithe i ndáil le státseirbhísigh a mheasfar, chun críocha clárúcháin mar thoghthóirí, a bheith ina ngnáthchónaí san áitreabh sa Stát ina mbeadh siad ina gcónaí murach riachtanais a ndualgas. Ní mór seoladh an áitribh a chur in iúl don údarás clárúcháin lena mbaineann. Tá feidhm ag an socrú sin le céile státseirbhísigh den sórt sin freisin, má bhíonn cónaí air/uirthi leis/léi, ach ní bhaineann sé le haon duine eile den líon tí.

2. Más duine tú a bhfuil tuairisc ort ag 1 thuas ach nach bhfuil d'ainm ar liosta reatha na bpostvótálaithe, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar d'ainm a chur san fhorlíonadh do liosta na bpostvótálaithe. Sa bhreis ar na critéir thuas a chomhlíonadh, ní mór duit a bheith cláraithe mar ghnáthvótálaí chun a bheith incháilithe le bheith san fhorlíonadh.

3. Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh Cuid A den fhoirm seo. De ghnáth, is é an t-áitreabh in Éirinn baile nó iarbaile an iarratasóra agus a chéile/céile. Ní mór seoladh cruinn an áitribh a thabhairt. Ní mór d'Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha an Deimhniú ag Cuid B den fhoirm a chomhlánú, agus ní mór an fhoirm chomhlánaithe a chur chuig údarás clárúcháin (An Chomhairle Contae nó An Chomhairle Cathrach) an cheantair ina bhfuil an t-áitreabh lonnaithe.

   Is cion é iarratas a dhéanamh ar iontráil ar liosta na bpostvótálaithe in ainm dhuine éigin eile nó faisnéis bhréagach nó faisnéis mhíthreorach a thabhairt go feasach i ndáil le hiarratas.

4. Is é an lá is deireanaí chun iarratais ar an bhforlíonadh do liosta na bpostvótálaithe a bheith faighte ná 2 lá tar éis dháta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin nó 2 lá tar éis an t-ordú um lá vótaíochta a bheith déanta i gcás chorrthoghchán Dála nó i gcás thoghchán Uachtaráin, toghcháin Eorpaigh, toghcháin áitiúil nó Údarás na Gaeltachta nó i gcás Reifrinn.

5. **Dhá leagan den Chlár**

   Ó 2004, bíonn ar na húdaráis chlárúcháin dhá leagan den Chlár a fhoilsiú – an Clár iomlán agus an clár faoi eagarthóireacht. Liostaíonn an Clár iomlán gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

   Bíonn ainmneacha agus seoltaí daoine ar féidir a sonraí a úsáid chun críche eile seachas críoch toghcháin nó críoch reachtúil sa **Chlár faoi eagarthóireacht**, m.sh. d'úsáid margaíochta dírí ag eagraíocht tráchtála nó eile. Murar mian leat do chuid sonraí a bheith ar an gClár faoi eagarthóireacht, ba chóir duit tic (√) a chur sa **bhosca 'Rogha Eisiamh'**. Más mian leat do mhionsonraí clárúcháin a bheith san áireamh (i.e. ar fáil d'úsáidí neamhreachtúla), ba chóir duit an bosca rogha eisiamh a fhágáil folamh.